

Scrúduimhir
Examination Number



Coimisiún na Scrúduithe Stáit State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006
LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2006

GEARMÁINIS – GNÁTHLEIBHÉAL
GERMAN – ORDINARY LEVEL

DÉ hAOINE, 16 MEITHEAMH – 12.10 go dtí 12.50
FRIDAY, 16 JUNE – 12.10 to 12.50

TRIAIL CHLUASTUISCEANA (100 marc)
LISTENING COMPREHENSION (100 marks)

AM A CHEADAÍTEAR 40 NÓIMÉAD
TIME ALLOWED 40 MINUTES

STAMPA AN IONAIID
(Centre Stamp)

CUID I	
CUID II	
CUID III	
CUID IV	
Iomlán	

Cuid a hAon

(Agallamh raidió le Johanna Schiller)

Cloisfidh tú an t-agallamh **trí** huaire. Ar dtús cloisfidh tú ó thús deireadh é; ansin cloisfidh tú arís é ina míreanna agus sos tar éis gach míre. Ar deireadh cloisfidh tú tríd síos an athuair é.

1. Oibríonn Johanna Schiller mar airíoch. Tabhair **dhá** shonra faoina háit oibre.

2. Luaigh **dhá** shlí a gcuireann Johanna Schiller aithne ar na tionóntaí ina háit oibre.

3. (i) Cé chomh minic agus a bhaineann Johanna Schiller úsáid as an ardaitheoir?

(ii) Déan cur síos ar an taobh istigh den ardaitheoir in áit oibre Johanna Schiller. Tabhair **dhá** shonra.

4. Cad tá speisialta anois faoin ardaitheoir seo? Tabhair **dhá** shonra.

5. Conas a ghlacann na tionóntaí leis an athrú is déanaí san ardaitheoir? Tabhair sonraí.

First Part

(Radio interview with Johanna Schiller)

The interview will be played **three** times: first right through, then in segments with pauses, and finally right through again.

1. Johanna Schiller works as a caretaker. Give **two** details about her workplace.

2. Mention **two** ways in which Johanna Schiller gets to know the tenants in her workplace.

3. (i) How often does Johanna Schiller use the elevator?

(ii) Describe the interior of the elevator in Johanna Schiller's workplace. Give **two** details.

4. What is now special about this elevator? Give **two** details.

5. How do the tenants react to the recent change in the elevator? Give details.

Cuid a Dó

Chun ligean duit **Ceisteanna 1, 2 agus 3** a fhreagairt, cloisfidh tú an glao gutháin *faoi dhó*. Beidh sos tar éis gach éisteachta. Ar deireadh cloisfidh tú an glao gutháin arís an *tríú* huair chun ligean duit **Ceist 4** a fhreagairt.

1. Tá duine éigin á lorg ag an té atá ar an bhfón. Tabhair **trí** shonra faoin duine atá á lorg.

2. Cén fáth a dteastaíonn ón té atá ar an bhfón bualadh leis an duine seo? Tabhair **dhá** chúis.

3. Cén **t-ainm** agus cén **uimhir theileafóin** atá ag an té atá ag gloach?

Ainm / Name _____

Uimhir theileafóin / Phone number _____

4. Táthar ag gloach :

- (a) ar sheirbhís tarrthála
(b) ar linn snámha
(c) ar mheánscoil
(d) ar stáisiún póilíní

Cuir an litir chuí *a, b, c* nó *d* sa bhosca chun do rogha a thaispeáint.

Second Part

To allow you to answer **Questions 1, 2 and 3**, the phonecall will be played *twice*, with a pause after each playing. The phone call will then be played for a *third* and final time to allow you to answer **Question 4**.

1. The caller is looking for somebody. Give **three** details about the person the caller wishes to locate.

2. Give **two** reasons why the caller wants to meet up with this person.

3. What is the **name** and **phone number** of the caller?

4. The phone call is to

- (a) a rescue service
(b) a swimming pool
(c) a secondary school
(d) a police station

Indicate your choice by putting *a, b, c* or *d* in the box provided.

Cuid a Trí

Cloisfidh tú comhrá anois idir Ingo agus Salome. Cloisfidh tú an comhrá *faoi thrí*. Beidh sos idir gach éisteacht.

Third Part

You will now hear a conversation between Ingo and Salome. The conversation will be played *three times*, with a pause after each playing.

1. Tá pleananna difriúla ag Ingo agus ag Salome do laethanta saoire na scoile. Cad iad?

Ingo:

Salome:

2. Cén fáth nach bhfuil Salome sásta leis na socruithe saoire aici féin? Luaigh **trí** chúis.

2. Why is Salome not happy with her holiday arrangements? Mention **three** reasons.

3. Cad ba chóir do Salome a dhéanamh, de réir mholadh Ingo, chun cúrsaí saoire a fheabhsú?

3. What does Ingo suggest Salome should do to improve her holiday situation?

4. Cad iad na pleananna saoire atá ag Salome don bhliain seo chugainn?

4. What holiday plans has Salome for next year?

(a) Tá sí ag súil le dul ag taisteal áit éigin le hIngo.

(a) She hopes to travel somewhere with Ingo.

(b) Teastaíonn uaithe dul go dtí an Tuirc le cara ranga.

(b) She wants to go to Turkey with a classmate.

(c) Fillfidh sí ar an Danmhairg gan a deartháir.

(c) She will return to Denmark without her brother.

(d) Tá sé ar intinn aice dul go dtí an Ghréig.

(d) She intends to go to Greece.

Cuir an litir chúí *a, b, c* nó *d* sa bhosca chun do rogha a thaispeáint.

Indicate your choice by putting *a, b, c* or *d* in the box provided.

Cuid a Ceathair

Anois cloisfidh tú trí mhír nuachta ón raidió, agus réamhaisnéis na haimsire ina ndiaidh. Seinnfear an nuacht **faoi thrí**, an chéad uair ó thús deireadh, agus ansin i **gceithre** mhír agus sos eatarthu. Ar deireadh, cloisfidh tú é tríd síos arís.

(Mír 1)

1. (i) Caitheann Gearmánaigh níos mó agus níos mó airgid ag cur ticéid taistil in áirithe ar líne. Cé mhéad airgid a chaith siad in 2005?

- (ii) Cé a bhaineann an sochar is mó as an gclaonadh nua seo? Tabhair sampla **amháin**.

(Mír 2)

2. (i) Tabhair an chéad dáta eile a mbeidh *Goleo*, sonóg do Chorn an Domhain 2006, le feiceáil i staid spóirt.

- (ii) Mínigh an bunús atá leis an ainm atá ar an sonóg.

(Mír 3)

3. (i) I Bremen, cathain a chuirfear i bhfeidhm an dlí i gcoinne tobac a chaitheamh?

- (ii) I Bremen, cad iad na háiteanna poiblí a mbeidh cosc ar thobac a chaitheamh iontu? Luaigh **dhá** áit.

(Mír 4: Réamhaisnéis na hAimsire)

4. Conas atá an aimsir sa Ghearmáin faoi láthair? Tabhair sonraí.

5. Cén chomhairle a cuireadh ar dhaoine?

Fourth Part

You will now hear three news items taken from radio, followed by the weather forecast. The news will be played **three** times; the first time right through, then in **four** segments with pauses, and finally right through again.

(Item 1)

1. (i) Germans spend more and more money booking travel tickets online. How much money did they spend in 2005?

- (ii) Who profits mainly from this new trend? Give **one** example.

(Item 2)

2. (i) Give the date on which *Goleo*, the 2006 World Cup mascot, will next appear in a stadium.

- (ii) Explain the origin of the mascot's name.

(Item 3)

3. (i) When will the anti-smoking law come into effect in Bremen?

- (ii) In what public places in Bremen will smoking be prohibited? Mention **two** places.

(Item 4: Weather Forecast)

4. What are the present weather conditions in Germany? Give details.

5. What advice has been given to people?

Blank Page
Leathanach Bán